TIONCHAIR AGUS TRUAILLIÚ

Gníomhaíocht TT07

Téama
Bileog do dhaltaí. Is scéal é seo faoi eolaí agus a chuid oibre ó lá go lá.

Cuspóir
Léargas a thabhairt do dhaltaí faoin obair a bhíonn ar bun ag eolaithe agus b'fhéidir dúshlán a thabhairt do thuairimí míchruinne a bhíonn ann fúthu.

Snáitheanna Curaclaim
OSIE, Eolaíocht – Eolaíocht agus an t-imshaol, aitheantas a thabhairt don méid a dhéanann eolaithe don tsochaí

Gaeilge – Ag cothú spéise, ag tuiscint teanga

Scileanna
Ag léamh chun eolas a fháil, ag ceistiú

Am
15-30 nóiméad

Cad a dhéanann eolaithe?

AGALLAMH LE HEOLAÍ DE CHUID NA GNÍOMHAIREACHTA UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

epa Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

TIONCHAIR AGUS TRUAILLIÚ

Gníomhaíocht TT07

ar leanúint →

Cad go díreach a dhéanann eolaithe?

Thug an t-eolaí Dermot Barry cuairt ar Scoil an Spioraid Naoimh, i mBaile Munna agus chuir Paula agus Jessica agallamh air faoina phost, is baill iad an bheirt dalta as rang a cúig de Choiste na Scoileanna Glasa.

1. Cé dó a mbíonn tú ag obair?

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil nó an EPA.

2. Cad atá i gceist leis an EPA?

Is comhlacht nó eagraíocht í an EPA a oibríonn chun an t-imshaol a chaomhnú, trí mhonatóireacht a dhéanamh ar rudaí ar nós aer, uisce agus torann agus iad a rialú.

3. Cad a thugtar ar do phost féin?

Oibrím mar theicneoir allamuigh. Bhínn ag obair mar theicneoir saotharlainne ach d'athraigh mé post tar éis bliana ag an EPA agus anois is mise a bhíonn ag bailiú samplaí don tsaotharlann.

4. Ar thaitin eolaíocht agus staidéar imshaoil leat ar scoil?

Thaitin. Bhí eolaíocht sa mheánscoil thar barr!

5. Cad air a ndearna tú staidéar sa choláiste?

Rinne mé staidéar ar cheimic in Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

6. Déan cur síos ar ghnáthlá oibre?

Déanaim go leor taistil, bím ag bailiú samplaí uisce in aice le monarchana agus ó líonta talún nó dumpálacha lena sheiceáil an bhfuil an t-uisce á thruailliú. Bailím samplaí uisce chomh

TIONCHAIR AGUS TRUAILLIÚ

Gníomhaíocht TT07

ar leanúint →

maith ó lochanna, ó aibhneacha agus ó inbhir. Is i réigiún Laighean atá na tionscail agus na líonta talún ar fad a dtógaim samplaí díobh, ach tógaim samplaí as lochanna agus as aibhneacha ar fud na hÉireann ar fad.

7. Cad é an rud is mó agus an rud is lú a thaitníonn leat faoi do chuid oibre?

Is maith liom a bheith amuigh sa bhád ag tógáil samplaí in aibhneacha mar an tSionainn, ach bíonn go leor tiomána le déanamh ó áit go háit!

8. An fearr leat a bheith ag obair laistigh sa tsaotharlann nó lasmuigh?

Is breá liom a bheith ag obair lasmuigh.

9. Cén trealamh a úsáideann tú?

Úsáidim cuaille fada le cuas ag a bhonn leis na samplaí uisce a thógáil agus úsáidim méadar speisialta sa lámh le tóireadóir atá i bhfostú le sreanga. Má chuireann tú an tóireadóir síos sa sampla uisce, taispeánann an méadar cá mhéad ocsaigin atá leáite san uisce. Bíonn ocsaigin ag teastáil ó iasc agus ó dhúile beo eile san uisce le maireachtáil.

10. Má fhaigheann tú sampla as abhainn nó as loch agus é truaillithe go dona, cad a tharlaíonn ansin?

Thabharfainn an sampla ar ais chuig an tsaotharlann, áit a ndéanfaí tástáil air. Chuirfí an t-údarás áitiúil ar an eolas

TIONCHAIR AGUS TRUAILLIÚ

Gníomhaíocht TT07

ar leanúint →

agus dhéanfaidís iarracht a fháil amach cé a bhí freagrach as an truailliú.

11. Ó do thaithí féin an gceapann tú gur cuma le muintir na hÉireann faoina n-imshaol?

Ceapaim go bhfuil níos mó eolais ag daoine ar an tábhacht atá le lochanna agus le haibhneacha agus go mbreathnaíonn siad orthu mar chuid dá n-imshaol. Tá feabhas ag teacht ar chaighdeán an uisce.

12. Tá muidne ar Choiste na Scoileanna Glasa sa scoil. Bhaineamar amach brat glas anuraidh. An bhfuil aon chomhairle agat dúinne maidir le haire a thabhairt dár n-imshaol?

Tá tábhacht le dramhaíl a laghdú, a athúsáid agus a athchúrsáil agus is rud é atá gach duine in ann a dhéanamh.

13. Cad a mhúscail do spéis san imshaol?

Tá tírdhreach álainn againn in Éirinn agus cnoic, lochanna agus foraoisí áilne. Is dóigh gurb é an méad a bhí le feiceáil agam timpeall na tíre a mhúscail mo chuid spéise san imshaol. Sampla amháin is ea Loch Bhéigh i nDún na nGall, áit a dtugaim cuairt air le haghaidh samplaí a bhailiú.

14. Cad a dhéanfá dá bhfeicfeá rud éigin ag truailliú locha nó abhann?

Rachainn chucu agus d'fhiafróinn dóibh cad a bhíodar a chur san uisce agus d'iarrfainn orthu é a stopadh. Ag brath ar cad a tharlódh rachainn i dteagmháil leis an údarás áitiúil nó leis na Gardaí nó le comhghleacaí san EPA a dhéanfadh tuilleadh fiosraithe faoin scéal.